# Spléach-Threoir

www.singlepensionscheme.gov.ie

# Achoimre ar Scor Luath Deonach

## Céard é Scor Luath Deonach?

Tarlaíonn Scor Luath Deonach nuair a éiríonn comhalta go díreach as fostaíocht inphinsin roimh dóibh a nGnáthaois Scoir a bhaint amach agus nuair atá:

- 55 bliain d'aois bainte amach acu ar a laghad; agus
- ranníocaíochtaí déanta acu don Scéim le 24 mí nó níos mó; agus
- iarratas déanta chuig a bhfostóir scor luath a fháil sula bhfuil deireadh curtha lena bhfostaíocht inphinsin; agus
- a n-iarratas le haghaidh scoir luath faofa ag a bhfostóir earnála poiblí.

Tabhair do d'aire **nach** ionann na coinníollacha do Scor Luath Deonach agus iad siúd a bhaineann le comhalta a mbíonn orthu cur isteach ar scor luath drochshláinte ar chúinsí dáiríre easláinte. Ba chóir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Pinsin d'fhostóra le haghaidh tuilleadh eolais faoi scor luath ar chúinsí easláinte.

## Cad é mo Ghnáthaois Scoir?

Is ionann do Ghnáthaois Scoir agus an aois cháilitheachta le haghaidh an Phinsin Stáit Ranníocaigh, a íocann An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

## Cén chaoi a ríomhtar mo luath-shochair?

Fabhraíonn tú dhá chineál sochar, ar a dtugtar méideanna inchurtha orthu, gach uair a íoctar thú agus tú i do chomhalta den Scéim.

I ngach tréimhse íoca, fabhraíonn tú méideanna sochair i dtreo:

- do shochar cnapshuime scoir; agus
- do shochar pinsin scoir bliantúil.

Braitheann do thuilleamh inphinsin den chuid is mó ar an méid a shaothraíonn tú mar mhéideanna sochair i ngach tréimhse íoca.

Is féidir go méadófar méideanna sochair a saothraíodh le linn blianta níos luaithe do bhallraíochta den Scéim sna blianta amach anseo le boilsciú a chur san áireamh.

Tráth do scoir, suimítear gach ceann de na méideanna sochair agus socraíonn sé seo cad iad na sochair scoir a mbeidh agat. Cuirtear fachtóir achtúireach i bhfeidhm ar na méideanna seo le léiriú go bhfuil teacht agat ar do shochair sula bhfuil do Ghnáthaois Scoir bainte amach agat.

Braitheann an fachtóir achtúireach luathscoir ar d'aois tráth do scóir luath.

Dá fhaide thú ó do ghnáthaois scoir, is amhlaidh is mó an laghdú buan ar do phinsean bliantúil agus ar do shochair chnapsuime.

## An méadófar mo phinsean Scéime Aonair i ndiaidh dom dul ar scor?

Is féidir go méadófar do phinsean i ndiaidh duit dul ar scor ar aon dul le haon méaduithe ar bhoilsciú, ag brath ar fhaomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Cad a tharlaíonn má fhaighim bás i ndiaidh dom dul ar scor?

Má fhágann tú Céile, Páirtí Sibhialta nó leanbh cleithiúnach atá fós beo agus incháilithe i do dhiaidh, is féidir go mbeidh siad incháilithe pinsean a fháil.

## An bhfuil mé i dteideal Pinsin Stáit Ranníocaigh freisin?

D'fhéadfadh go mbeifeá i dteideal an Pinsin Stáit Ranníocaigh a fháil a mbeadh iníoctha leat as féin ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag do **ghnáthaois scoir.**

Tá teidlíocht do Phinsean Stáit Ranníocach bunaithe ar chritéir cháilitheachta a socraíonn an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ní féidir ach teacht ar thuilleadh eolais faoi theidlíocht Pinsin Stáit Ranníocaigh, lena n-áirítear sonraí ar chritéir cháilitheachta, ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ach scairt a chur ar LoCall 1890 500 000 nó dul ar a suíomh idirlín ag www.welfare.ie

## Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais faoi scor luath?

Is féidir teacht ar eolas níos ginearálta, lena n-áirítear cóip de do **Bhileog Faisnéise Scéime**, i réimse comhaltaí shuíomh idirlín na Scéime Aonair ag www.singlepensionscheme.gov.ie/for-members/

Má tá ceisteanna ar leith agat nó má tá a thuilleadh cabhrach uait, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Pinsin d'fhostóra a mbeidh in ann cabhrú leat.

